RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/733 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961 a mhéid a bhaineann le hainm shealbhóir an údaraithe i gcomhair *Enterococcus faecium* CECT 4515 mar bhreiseán beatha agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395 a mhéid a bhaineann le hainm shealbhóir an údaraithe chun *Bacillus amyloliquefaciens* CECT 5940 a úsáid mar bhreiseán beatha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.

(2) Chuir Evonik Nutrition & Care GmbH iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 lenar moladh ainm shealbhóir an údaraithe a athrú a mhéid a bhaineann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011 ón gCoimisiún ([2]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961 ón gCoimisiún ([3]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Maíonn an t-iarratasóir gur athraigh Evonik Nutrition & Care GmbH a ainm go Evonik Operations GmbH. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarratas.

(4) Is athrú glan riaracháin é an t-athrú sin atá beartaithe i dtéarmaí an údaraithe agus ní dhéanfar measúnú nua ar an mbreiseán lena mbaineann. Cuireadh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar an eolas faoin iarratas.

(5) Is gá téarmaí an údaraithe a athrú chun gur féidir leis an iarratasóir a chearta margaíochta faoin ainm Evonik Operations GmbH a shaothrú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395 a leasú dá réir.

(7) Ós rud é nach gá an leasú a rinneadh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395 a chur i bhfeidhm láithreach mar gheall ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ina bhféadfar stoic atá ann cheana a úsáid.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2011 maidir le hullmhóid *Enterococcus faecium* CECT 4515 a údarú mar bhreiseán beatha le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraithe Norel SA) (IO L 229, 6.9.2011, lch. 7).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961 an 7 Meitheamh 2017 ón gCoimisiún maidir le hullmhóid *Enterococcus faecium* CECT 4515 a údarú mar bhreiseán beatha le haghaidh bainbh scoite, agus maidir le húsáid nua a údarú in uisce lena ól ag bainbh scoite agus ag sicíní lena ramhrú a údarú, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2036/2005 agus Rialachán (AE) Uimh. 887/2011 (sealbhóir an údaraithe Evonik Nutrition & Care GmbH) (IO L 145, 8.6.2017, lch. 7).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2020 maidir le húdarú a athnuachan chun *Enterococcus faecium* CECT 5940 a úsáid mar bhreiseán beatha le haghaidh sicíní lena ramhrú, a údarú a athnuachan le haghaidh béaróg, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1292/2008 (sealbhóir an údaraithe Evonik Nutrition & Care GmbH) (IO L 324, 6.10.2020, lch. 3).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 887/2011 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear na focail "sealbhóir an údaraithe Evonik Operations GmbH" in ionad na bhfocal "sealbhóir an údaraithe Evonik Nutrition & Care GmbH";

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, "Ainm shealbhóir an údaraithe", cuirtear "Evonik Operations GmbH" in ionad na bhfocal "Evonik Nutrition & Care GmbH".

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/961 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear na focail "sealbhóir an údaraithe Evonik Operations GmbH" in ionad na bhfocal "sealbhóir an údaraithe Evonik Nutrition & Care GmbH";

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, "Ainm shealbhóir an údaraithe", cuirtear "Evonik Operations GmbH" in ionad na bhfocal "Evonik Nutrition & Care GmbH".

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1395 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear na focail "sealbhóir an údaraithe Evonik Operations GmbH" in ionad na bhfocal "sealbhóir an údaraithe Evonik Nutrition & Care GmbH";

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, "Ainm shealbhóir an údaraithe", cuirtear "Evonik Operations GmbH" in ionad na bhfocal "Evonik Nutrition & Care GmbH".

Airteagal 4

Bearta idirthréimhseacha

Stoic na mbreiseán atá ann cheana agus atá i gcomhréir leis na forálacha arna gcur i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar leanúint de na stoic sin a chur ar an margadh agus a úsáid go dtí go mbeidh siad ídithe.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN